Briathra a bhaineann le hobair tí / leis an saol teaghlaigh

Treoracha agus moltaí

Seo cluiche simplí a d'fhéadfaí a úsáid chun briathra a bhaineann le hobair tí nó leis an saol teaghlaigh a chur i láthair nó a chleachtadh.

Treoracha

1. Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí (triúr nó ceathrar i ngach grúpa) don ghníomhaíocht seo.
2. Priontáil agus gearr suas na briathra atá ar Bhileog 1. Cuir na cártaí beaga i gclúdach litreach agus bíodh clúdach litreach agat do gach grúpa sa rang.
3. Priontáil agus gearr suas na pictiúir ar Bhileog 2.
4. Beidh clúdach litreach (le focail istigh ann) agus cóip de na pictiúir ag gach grúpa. Iarr orthu na pictiúir a mheaitseáil leis na briathra ach a bheith cúramach, mar go bhfuil cuid acu a d'fhéadfadh iad a chur ar strae.
5. Iarobair: Is féidir an bhileog *Ag Cabhrú sa Teach: Abairtí* a úsáid mar bhileog oibre / mar chleachtadh meicniúil chun na briathra a chur i gcomhthéacs abairte.

Moltaí

- Bheadh sé inmholta na gníomhaíochtaí thuas a leanúint le **saorchleachtadh** ina ndéanann na foghlaimeoirí an t-ábhar a phearsanú.

  Sampla: plé ar thascanna an tí.

- Is féidir briathra breise a chur le Bileog 1, ag brath ar cad atá á chleachtadh agat.

Bileog 1

Leag	**Ná leag**	**Cuir i bhfearas**
Seachain!	**Cíor**	**Scuab**
Pioc suas	**Bailigh**	**Fill**
Críochnaigh		

Bileog 2

k0103142 www.fotosearch.com

k19325967 fotosearch.com

k13137528 fotosearch.com

Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 1

Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 1

Ag Cabhrú sa Teach: Abairtí

A. Bunaithe ar an gcluiche cártaí a d'imir tú ar ball, líon na bearnaí thíos.

Leag an bord

- Caithfidh tú an bord a _____

Cíor do chuid gruaige

- Caithfidh tú do chuid gruaige a _____ nó beidh cuma na scríbe ort!

Scuab

- An bhféadfá an bruscair aráin sin a_____?

Cuir i bhfearas

- Caithfidh tú na pinn luaidhe sin a _____ nó beidh mé crosta!

Bailigh

- Ó in ainm Dé! Rinne mé dearmad na páistí a _____!

Críochnaigh

- An bhfuil tú chun an obair bhaile sin a _____go deo!?

Fill

- An gcabhróidh tú liom na héadaí seo a _____, le do thoil?

B. Anois cum 5 abairt de do chuid féin.